Global Village
Global Citizenship
in Primary Schools

# Join The Dots

Beochan Oideachais Saoránachta Domhanda le Gníomhaíochtaí Teagaisc agus Foghlama le haghaidh Seomraí Ranga Bunscoile




DCU
into Irish National Teachers' Organisation Cumann Múinteoirí Éireann
Irish Aid An Roinn Gnóthaí Eachtracha Department of Foreign Affairs
ippn Leading & Learning
Trócaire Together for a just world

**Is beochan dhá nóiméad é 'JOIN THE DOTS' a rinne an Sráidbhaile Domhanda (Global Village) do bhunscoileanna. Féach ar Molly agus Finn ag múineadh do Dhaideo faoin gcaoi a bhfuil ceangal idir rudaí éagsúla ar domhan, agus fón póca á úsáid mar shampla acu. Luaitear thíos roinnt moltaí maidir le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama, do ghasúir ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó, agus do Rang a Trí go dtí a Sé, ag baint úsáide as an mbeochan mar thúsphointe chun iniúchadh a dhéanamh ar cad atá i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach domhanda. Luaitear na snáitheanna, na snáithaonaid agus na cuspóirí curaclaim ábhartha freisin.**



## Cad is saoránach gníomhach domhanda ann?

Is éard atá i gceist le saoránach gníomhach domhanda ná duine a fhéachann le bheith feasach ar an domhan ina mairimid agus le meabhair a bhaint as. Bíonn na daoine sin machnamhach agus déanann siad naisc idir a saol féin agus saincheisteanna idirnáisiúnta a bhaineann leis an gceartas sóisialta. Is smaointeoirí criticiúla iad a mbíonn bá acu le daoine eile, agus a mbíonn fonn orthu éisteacht le dearcthaí éagsúla agus machnamh a dhéanamh orthu. Gníomhaíonn siad ar son an cheartais agus bíonn siad meáite ar fhéachaint chuige go mbeidh an domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

## Oideachas Saoránachta Domhanda

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) atá gníomhach agus cruthaitheach, agus lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo ina gcónaímid. Ba chóir dó cur i gcoinne dearcthaí áirithe agus steiréitíopaí trí dhaoine a spreagadh le machnamh agus gníomh a dhéanamh, le bheith rannpháirteach agus le comhbhá agus dóchas a léiriú. Tacaítear le foghlaimeoirí idir óg agus sean, ar bhealaí a oireann dá n-aois, chun naisc a dhéanamh idir a saol féin agus saincheisteanna idirnáisiúnta a bhaineann leis an gceartas sóisialta, chun bheith ag obair as lámha a chéile agus an chumhacht a bheith acu chun dul i bhfeidhm ar an domhan ar bhealach dearfach. Níor cheart é a bheith ina thoradh ar OSD go ndéanfaí steiréitíopaí a threisiú ná difríochtaí a shéanadh. Mar phróiseas, éascaíonn sé don smaointeoireacht chriticiúil ó dhearcthaí éagsúla. Tá sé bunaithe ar fheasacht, anailís, machnamh agus gníomh ar son ceartais agus athraithe.

## Maidir leis an Sráidbhaile Domhanda (Global Village)

Is é an Sráidbhaile Domhanda an chomhpháirtíocht straitéiseach don Oideachas Saoránachta Domhanda i mbunscoileanna na hÉireann. Tá Cúnamh Éireann (sa Roinn Gnóthaí Eachtracha) páirteach ann, in éineacht le cuibhreannas ina bhfuil ceithre chomhpháirtí: Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Cumann Múinteoirí Éireann (INTO), Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) agus Trócaire. I gcomhair tuilleadh eolais agus chun clárú dár nuachtlitir leictreonach, téigh go dtí www.globalvillageschools.ie nó déan teagmháil le info@globalvillageschools.ie

### Séanadh

Aithnímid gur féidir le haon acmhainní ina ndírítear ar cheisteanna domhanda dul i bhfeidhm ar dhaoine aonair mar gheall ar an méid a tharla ina saol féin.
Mar sin, molaimid duit léamh tríd an acmhainn seo agus í a athrú má bhraitheann tú go bhfuil aon rud inti a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar pháiste aonair.

### Buíochas

Tá an Sráidbhaile Domhanda (Global Village) buíoch as an tacaíocht a fuarthas ó Chúnamh Éireann chun gníomhaíochtaí Oideachais Saoránachta Domhanda a chur ar bun in Éirinn. Is ar an údar nó na húdair atá an fhreagracht iomlán as an ábhar, na cineálacha cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo agus ní gá go léiríonn siad beartas Chúnamh Éireann ná go bhfuil siad ag teacht leis an mbeartas sin.


# Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha – Rang a hAon/Dó: Gníomhaíochtaí

1. **Iarr ar na páistí breathnú chun cinn**. Mar shampla, táimid chun féachaint ar fhíseán darb ainm 'Join the dots'. Cad faoi a cheapann sibh atá sé?
2. **Seinn an físeán**: https://globalvillageschools.ie/teaching-resources/
3. **Cuir plé ranga ar bun**:
   - Cad a d'fhoghlaim tú ón bhfíseán?
   - Cad a mhúin Molly agus Finn do Dhaideo?
   - Cén dochar a rinneadh don chomhshaol san fhíseán?
   - Cén cineál fadhbanna a bhí ag cuid de na daoine san fhíseán?
   - Cén fáth ar tugadh 'Join the Dots' ar an bhfíseán, dar leat?




4. **Féach ar an bhfíseán agus cur ar sos é ag na pointí seo a leanas chun na páistí a spreagadh le díriú ar shonraí ar leith. D'fhéadfaí na ceisteanna a chur mar ghníomhaíocht smaointeoireachta a dhéanfaidh beirt le chéile**:
   - 0.33 Cad a fheiceann an t-iora? (ollscartaire ag leagan tí; deatach ag teacht ó mhonarchana; meaisíní ag baint ola as an talamh)
   - 0.39 Cad a d'fhéadfadh an teaghlach a bheith ag smaoineamh agus cén chaoi a bhféadfaidís a bheith ag aireachtáil? (m.sh. faoina teach a bheith á leagadh; faoi ola a bheith á baint as an talamh; faoi chrainn a bheith á leagan)
   - 1.41 Cén cineál pláinéid arbh fhearr leat cónaí air? (an pláinéad ar a bhfuil rudaí níos cothroime nó an pláinéad ar a dtarlaíonn go leor truaillithe, ar a scriostar an dúlra agus ar a ndéantar daoine a dhúshaothrú nó a dtagtar i dtír orthu)
5. **Fiosraigh céard atá i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach domhanda agus déan plean gníomhaíochta**:
   - **Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha**:
     i. Treoraigh na páistí i bplé ranga le ceisteanna ar nós: Cad a bhí i gceist ag Molly, dar leat, nuair a dúirt sí: "is fúinne atá sé ar fad mar sin na poncanna a cheangal agus a bheith inár saoránaigh ghníomhacha dhomhanda"? Conas is féidir linn gníomh a dhéanamh ionas go mbeidh an saol níos cothroime?
     ii. Déan ransú smaointe leis na páistí faoi roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh sibh a dhéanamh le chéile i rith na scoilbhliana le bheith in bhur saoránaigh ghníomhacha dhomhanda.
   - **Rang a hAon/Dó**:
     i. Eagraigh na páistí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga chun a gcuid eochairfhocail/smaointe a bhreacadh síos ar mhionchláir bhána faoina bhfuil i gceist le bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda.
     ii. Iarr orthu cainteoir a ainmniú as gach beirt/grúpa beag lena gcuid smaointe a roinnt leis an rang ar fad.
     iii. Déan ransú smaointe leis an rang ar fad faoi roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tú féin agus na páistí a dhéanamh le chéile i rith na scoilbhliana le bheith in bhur saoránaigh ghníomhacha dhomhanda.


6. **Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí breise seo a leanas**:
   - **Drámaíocht - Lána an Choinsiasa**: Tabhair ról Dhaideo do pháiste amháin. Iarr ar an rang seasamh sa chaoi is go mbeidh dhá líne páistí ann, agus iad ar aghaidh a chéile. Déanfaidh líne amháin iarracht a chur ina luí ar Dhaideo an fón a cheannach, agus déanfaidh an líne eile iarracht a chur ina luí air gan é a cheannach. Tabhair cúpla nóiméad dóibh chun smaoineamh go ciúin faoin méid a bheidh le rá acu. Iarr ar Dhaideo siúl go mall idir an dá líne páistí, ag éisteacht lena n-argóintí. Nuair a bheidh sé sin déanta aige, ba cheart do Dhaideo a rá cén cinneadh atá déanta aige agus cén fáth.
   - **Teanga – Dialann a Scríobh**: Roghnaigh ceann amháin de na carachtair (Daideo, Molly nó Finn) agus scríobh sliocht dialainne faoin gcomhrá a bhí eatarthu.
   - **Na hAmharcealaíona - Líníocht**: Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt mar fhreagra ar an bhfíseán. Cad a d'fhoghlaim sibh ón bhfíseán? Cuir na pictiúir ar taispeáint ionas gur féidir leis na páistí breathnú ar na pictiúir a tharraing páistí eile agus a gcuid smaointe fúthu a roinnt.
   - **Drámaíocht – Duine a chur sa suíochán te**: Tabhair róil Dhaideo, Molly agus Finn do pháistí, agus roghnaigh beirt nó triúr comhairleoirí do gach carachtar. Iarr orthu smaoineamh ar a gcarachtar agus fáil faoi réir le labhairt leis an 'lucht féachana'. Tabhair tamall don chuid eile de na páistí, an 'lucht féachana', ionas go mbeidh siad in ann ceisteanna a ullmhú do gach carachtar. Iarr ar Dhaideo, Molly agus Finn suí ag barr an tseomra chun ceisteanna ón lucht féachana a fhreagairt.
   - **Na hAmharcealaíona - Péinteáil**: Iarr ar na páistí pictiúr a phéinteáil: cén chuma a bheadh ar phláinéad níos cothroime? Cuir na pictiúir ar taispeáint ionas gur féidir leis na páistí breathnú ar na pictiúir a tharraing páistí eile agus a gcuid smaointe fúthu a roinnt.



# Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha – Rang a hAon/Dó: Naisc Churaclaim

| Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha – Rang a hAon/Dó: Naisc Churaclaim | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Rang** | **Snáithe/ Eilimint** | **Snáithaonad/ Lipéad** | **Cuspóir Foghlama/Toradh Foghlama** |
| **Drámaíocht** | Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó | Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh, d'fhonn tuiscint a chothú | Iniúchadh agus déanamh drámaíochta | • an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a eispéiriú |
| | | | Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht | • an coibhneas idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú trí mheán na drámaíochta |
| | | | Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta | • an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta<br>• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú na drámaíochta |
| **Tíreolaíocht** | Naíonáin Shóisearacha/ Shinsearacha | Imshaoil dhaonna | Daoine agus áiteanna i gceantair eile | • roinnt feasachta a chothú faoi dhaoine a chónaíonn i gceantair eile<br>• éirí feasach ar roinnt nasc idir an scoil nó an pobal áitiúil agus daoine in áiteanna eile |
| | Rang a hAon/ Dó | Imshaoil dhaonna | Ag maireachtáil sa phobal áitiúil | • roinnt feasachta a shaothrú faoi dhaoine a chónaíonn i gceantair eile agus faoi na naisc atá eatarthu agus an pobal áitiúil<br>• éirí feasach ar obair daoine i gceantair eile a sholáthraíonn bia agus táirgí eile dúinn |
| | | | Daoine agus áiteanna i gceantair eile | • na bealaí ina mbraitheann daoine i gceantair dhifriúla ar a chéile agus ar dhaoine a mhaireann i gcodanna eile den domhan a léirthuiscint. |
| **Tíreolaíocht agus Eolaíocht** | Naíonáin Shóisearacha/ Shinsearacha | Feasacht agus cúram imshaoil | Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orm | • a thuiscint go roinneann daoine an t-imshaol leis na plandaí agus leis na hainmhithe<br>• tuiscint a shealbhú go bhfuil freagracht air/uirthi aire a thabhairt don imshaol agus é a fheabhsú |
| | Rang a hAon/ Dó | Feasacht agus cúram imshaoil | Ag tabhairt aire don dúiche timpeall orma | • dul i mbun tuisceana go mbraitheann daoine, ainmhithe agus plandaí ar a chéile<br>• a thuiscint go cruinn go bhfuil freagracht ar an duine aonair agus ar an bpobal araon as aire a thabhairt don imshaol<br>• éirí feasach ar bhealaí inar féidir an t-imshaol a thruailliú nó dochar a dhéanamh dó |





| Naíonáin Shóisearacha/Shinsearacha – Rang a hAon/Dó: Naisc Churaclaim | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Rang** | **Snáithe/Eilimint** | **Snáithaonad/ Lipéad** | **Cuspóir Foghlama/Toradh Foghlama** |
| **Teanga** | Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó | Cumarsáid – Teanga ó Bhéal | Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | • Spéis agus comhaird a léiriú, straitéisí tuisceana a úsáid agus stór focal a shealbhú trí éisteacht go gníomhach le Gaeilge shaibhir á labhairt i réimse comhthéacsanna agus i nguthanna/ canúintí eile chomh maith le guth/canúint an mhúinteora ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith, cé nach gá go dtuigfeadh siad gach focal. |
| | | Tuiscint – Teanga ó Bhéal | Léiriú tuisceana | • Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh |
| | | Fiosrú agus úsáid – Teanga ó Bhéal | Iarratáí, ceisteanna agus idirghníomhuithe | • Riachtanais, tuairimí agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh go muiníneach. |
| | | Fiosrú agus Úsáid – Scríbhneoireacht | Cuspóir, seánra agus guth | • Líníocht a dhéanamh agus scríobh agus tuiscint aige ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon, le linn dóibh téacsanna a chruthú i réimse seánraí agus i dteangacha éagsúla nuair is cuí. |
| **Na hAmharc-ealaíona** | Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó | Líníocht | Breathnú agus freagairt | • a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé |
| | Naíonáin Shóisearacha/ Shinsearacha | Líníocht | Líníochtaí a dhéanamh | • líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a thabharfaí chun cuimhne go grinn, ar dhearbheispéireas, ar eispéireas samhlaíoch agus ar scéalta a dhéanamh |
| | Rang a hAon/ Dó | Líníocht | Líníochtaí a dhéanamh | • líníochtaí bunaithe ar a s(h)aol pearsanta nó ar a s(h)aol samhlaíoch a dhéanamh agus tuiscint fhorásach ar choibhneasa spásúlacha a léiriú iontu |
| | Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó | Péint agus dath | Breathnú agus freagairt | • a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé |
| | Naíonáin Shóisearacha/ Shinsearacha | Péint agus dath | Péinteáil | • dath a úsáid chun mothúcháin a thabharfadh sé/sí chun cuimhne, eispéireas agus rudaí samhlaithe a léiriú |
| | Rang a hAon/ Dó | Péint agus dath | Péinteáil | • téamaí bunaithe ar a s(h)aol pearsanta nó ar a s(h)aol samhlaíoch a léirmhíniú trí dhath a úsáid go lánléiritheach |

# Rang a Trí/Ceathair – Rang a Cúig/Sé: Gníomhaíochtaí

1. **An físeán a chur i láthair**: má cheapann tú go bhféadfadh an físeán a bheith ró-shimplí do pháistí den aois seo, d'fhéadfá an físeán seo a chur i láthair mar rud ar mhaith leat dul i gcomhairle leo faoi, m.sh. an gceapann siad gur físeán oiriúnach é dá n-aois/an dóigh leo go dtaitneodh sé le páistí níos óige?
2. **Iarr ar na páistí breathnú chun cinn**: seo físeán darb ainm 'Join the Dots'. Cad faoi a cheapann sibh atá sé?
3. **Seinn an físeán**: [https://globalvillageschools.ie/teaching-resources/](https://globalvillageschools.ie/teaching-resources/)
4. **Cuir plé beirte ar bun a bheidh bunaithe ar na ráitis seo a leanas**.
   Tá bileog oibre sna haguisíní i gcomhair na gníomhaíochta seo.
   - Trí bhreathnú ar 'Join the dots', d'fhoghlaim mé...
   - Tar éis dom breathnú ar 'Join the dots', ba mhaith liom a fhios a bheith agam...
   - Ba mhaith liom níos mó a bheith ar eolas agam faoi...
   - Ag deireadh an fhíseáin mhothaigh mé...



5. **Féach ar an bhfíseán agus cur ar sos é ag na pointí seo a leanas chun na páistí a spreagadh le díriú ar shonraí ar leith. D'fhéadfaí na ceisteanna a chur mar ghníomhaíocht smaointeoireachta a dhéanfaidh beirt le chéile**:
   - 0.34 Tabhair faoi deara an difríocht (i.e. ar leath an scáileáin, tá an talamh lom atá tá innill (meaisíní pumpála) ag baint ola as an talamh; ar an leath eile tá teach agus é timpeallaithe ag féar agus cnoic ghlasa)
   - 1.01 Cad a d'fhéadfadh a bheith contúirteach sa radharc seo den mhonarcha? (an t-uisce ag sileadh ón mbolgán solais)
   - 1.18 Cad atá ag tarlú i ngach ceann de na ceathrúna? Cén chuid den scéal a mheaitseálann gach ceann acu? (an fógra don fhón nua ina mealltar daoine chun é a cheannach; an teach atá timpeallaithe ag féar agus crainn, sula dtagann an t-ollscartaire; na daoine ag obair sa mhonarcha; an t-eitleán ag iompar earraí)
6. **Eagraigh plé ranga, á spreagadh ag ceisteanna cosúil leo seo**:
   - Cad is acmhainní ann?
   - Cad iad na costais a bhaineann le fón nua?
   - Cén fáth a ndeir Molly: 'tá chuile shórt ceangailte le chéile'?
   - Cad a chiallaíonn an frása 'join the dots' i gcomhthéacs an fhíseáin seo?
   - Cén fáth a bhféadfadh sé nach bhfaigheann na hoibrithe monarchan íocaíocht mhaith?
   - Cé a d'fhéadfadh a bheith freagrach as na gníomhartha móra a theastaíonn chun na fadhbanna seo a réiteach?*

   **Tabhair faoi deara: tá an cheist seo san áireamh chun páistí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar na struchtúir níos leithne a chothaíonn neamhionannas ar domhan agus lena aithint go mbíonn leibhéil éagsúla chumhachta agus freagrachta ag daoine i bpoist éagsúla. I sampla an fhóin, cé go bhféadfadh daoine aonair tionchar a imirt trí ghníomh a dhéanamh mar thomhaltóirí agus mar ghníomhaithe, leibhéal eile tionchair agus freagrachta atá acu siúd a ritheann na cuideachtaí agus a cheapann reachtaíocht chun táirgeadh agus miondíol a rialáil.*

7. **Déan plean gníomhaíochta ranga don tsaoránacht ghníomhach dhomhanda**:
   - Eagraigh na páistí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga chun a gcuid eochairfhocail/smaointe a bhreacadh síos ar mhionchláir bhána, faoin gcaoi a bhféadfadh an rang dul ag obair le chéile chun bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda.
   - Iarr orthu cainteoir a ainmniú as gach beirt/grúpa beag lena gcuid smaointe a roinnt leis an rang ar fad.
   - Déan liosta de na moltaí go léir ón rang.
   - Roghnaígí roinnt gníomhaíochtaí a gheallfaidh tú féin agus na páistí a dhéanamh le linn na scoilbhliana le bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda. D'fhéadfaí an rogha a dhéanamh trí vótaí a chaitheamh, agus an deis a bheith ag gach páiste vótáil i gcomhair trí cinn de na gníomhaíochtaí a mholtar. Beidh an plean bunaithe ar na gníomhaíochtaí (trí – cúig cinn) a fhaigheann an líon is mó vótaí.

8. **Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí breise seo a leanas**:

## Teanga - Díospóireacht Siúlóide

Cuir dhá chomhartha – 'aontaím' agus 'ní aontaím' – ar gach aon taobh den seomra ranga, nó ceithre chomhartha – 'aontaím go mór', 'aontaím', 'ní aontaím', 'easaontaím go mór' – ag gach cúinne den seomra ranga. Tá na comharthaí sin ar fáil sna haguisíní nó is féidir leat féin iad a scríobh.

Iarr ar na páistí seasamh i lár an tseomra ranga chun éisteacht leis an gcéad ráiteas. Léigh amach an ráiteas agus iarr ar na páistí dul chuig an gcomhartha cuí ag brath ar a bhfreagra ar an ráiteas. Is féidir é seo a dhéanamh mar dhíospóireacht chiúin chun machnamh pearsanta a spreagadh, nó mar dhíospóireacht ó bhéal, ina n-iarrtar ar pháistí a bhfuil barúlacha éagsúla acu a rá cén fáth a bhfuil an freagra sin roghnaithe acu. Tabhair seans do na páistí bogadh chuig comhartha eile tar éis dóibh cuid de na cúiseanna a chloisteáil – lena thaispeáint gur féidir linn ár n-intinn a athrú agus gur féidir linn a bheith faoi thionchar ag focail agus gníomhartha daoine eile.




Moltaí maidir le ráitis:

- Ba cheart do Dhaideo an fón nua a cheannach
- Tá úinéir an mhonarcha freagrach as folláine oibrithe na monarchan
- Ós rud é gur tomhaltóirí muid, tá freagracht orainne as folláine na ndaoine a dhéanann na táirgí a cheannaímid
- Is fúinne go léir é a bheith inár saoránaigh ghníomhacha dhomhanda
- Is í an fhreagracht chéanna atá ar gach duine as aire a thabhairt don domhan agus do mhuintir an domhain**
- Bíonn tionchar mór ag mo ghníomh beag féin ar dhaoine atá ina gcónaí in áiteanna eile ar domhan

***Tabhair faoi deara: tá an ráiteas seo san áireamh chun páistí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar na struchtúir níos leithne a chothaíonn neamhionannas ar domhan agus lena aithint go mbíonn leibhéil éagsúla chumhachta agus freagrachta ag daoine i bpoist éagsúla. I sampla an fhóin, cé go bhféadfadh daoine aonair tionchar a imirt trí ghníomh a dhéanamh mar thomhaltóirí agus mar ghníomhaithe, leibhéal eile tionchair agus freagrachta atá acu siúd a ritheann na cuideachtaí agus a cheapann reachtaíocht chun táirgeadh agus miondíol a rialáil.*

## OSPS – Riachtanais agus Mianta

San fhíseán, fiafraíonn Molly de Dhaideo an bhfuil fón nua ag teastáil uaidh i ndáiríre, nó an é nach bhfuil ann ach go bhfuil fonn air fón nua a fháil. Agus iad ag obair ina ngrúpaí, iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí go léir a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun saol sláintiúil, sábháilte, lán dínite a chaitheamh. Iarr orthu liosta eile a dhéanamh de na rudaí a d'fhéadfadh a bheith uathu ar rudaí iad nach bhfuil gá leo i ndáiríre. Cuir i láthair an coincheap 'cearta leanaí', ag baint úsáid as leagan atá oiriúnach do pháistí den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh, cosúil leis an gceann seo ón Ombudsman do Leanaí. Iarr ar na páistí an Coinbhinsiún a chur i gcomparáid lena gcuid liostaí féin. An cosúla é lena liosta riachtanas nó a liosta mianta?



## Teanga – Scríbhneoireacht Áititheach

Iarr ar na páistí litir, óráid, ríomhphost, postáil de chuid na meán sóisialta, nó script físeáin a scríobh lena chur ina luí ar ghrúpa daoine fásta gan táirge nó táirgí (de rogha na bpáistí) a cheannach, ar táirge é nó iad nach bhfuil ag teastáil uathu i ndáiríre. Cuidigh leo an píosa atá scríofa acu a roinnt leis an lucht féachana ar a bhfuil sé dírithe, i.e. litir a chur ar an bpost, gearrthóg físe a roinnt ar shuíomh gréasáin/nuachtlitir na scoile.

## Na hAmharcealaíona - Líníocht agus Colláis

Iarr ar na páistí táirge a roghnú agus póstaer a dhearadh dó amhail is gur cuideachta fógraíochta iad (ag iarraidh an táirge a dhíol) nó amhail is gur eagraíocht feachtasaíochta iad (ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine nach bhfuil an táirge ag teastáil uathu nó go ndéanann sé dochar do dhaoine agus/nó don chomhshaol). Bíodh líníocht agus colláis sna póstaeir acu, agus iarr orthu sean-nuachtáin agus sean-irisí a úsáid. Cuir na pictiúir ar taispeáint ionas go mbeidh an deis ag na páistí breathnú ar na pictiúir a tharraing páistí eile agus a gcuid smaointe fúthu a roinnt.

## Tíreolaíocht/Eolaíocht – Taighde

Deir Daideo: 'Níor chuimhnigh mé air sin ar chor ar bith'. Taispeáin do na páistí na ráitis atá sna haguisíní agus léigh leo iad. Agus iad ag obair ina ngrúpaí beaga, iarr ar gach grúpa ceann de na ráitis a roghnú le taighde a dhéanamh air. Agus úsáid á baint acu as leabhair ó leabharlann na scoile agus/nó as an idirlíon, tabhair an deis do na páistí taighde a dhéanamh agus na rudaí nua atá foghlamtha acu faoin topaic sin a chur le chéile. D'fhéadfaidís a gcuid foghlama a chur i láthair mar thuairisc scríofa, mar láithreoireacht, mar phóstaer, mar thuairisc nuachta, nó mar fhístaifeadadh. Tá gach topaic nasctha le ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Is féidir leis na páistí eolas a chur ar na spriocanna sin trí bhreathnú ar na físeáin ar an suíomh gréasáin 'World's Largest Lesson'. Mar rogha eile, d'fhéadfadh na páistí ceann de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a roghnú mar ábhar taighde.



## Matamaitic – Fiosraigh

Iarr ar na páistí fáil amach cá bhfástar cineálacha éagsúla torthaí agus glasraí. Roghnaigh dathanna éagsúla (m.sh. dearg, buí, oráiste agus glas) agus leag amach dath amháin do gach grúpa. An chéad uair eile a bheidh siad ag na siopaí, iarr orthu breathnú ar na lipéid agus an oiread samplaí agus is féidir a bhreacadh síos den áit as ar tháinig torthaí agus glasraí a bhfuil an dath sin orthu. Tá bileog thaifid shamplach sna haguisíní.***

****Tabhair faoi deara: d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach do pháistí leaganacha giorraithe d'ainmneacha tíortha a úsáid, agus sonraí á mbailiú acu agus/nó chun sonraí a léiriú. Is féidir giorrúcháin ar ainmneacha tíre a aimsiú ar líne.*

Nuair a bheidh na sonraí sin taifeadta ag na páistí, iarr orthu blocghraif, barrachairt nó píchairt a tharraingt (Rang a Cúig/Sé) chun na sonraí seo a leanas a léiriú:

1. 1. Cé na tíortha a bhí i gceist agus cé mhéad cineál éagsúil torthaí agus glasraí a tháinig astu (m.sh. an Bhrasaíl: 5, An Ísiltír: 7)? Is féidir leo é sin a dhéanamh ina n-aonar nó ina ngrúpaí beaga, agus ní dhéanfaidh duine aonair/grúpa beag anailís ach ar na sonraí a bhaineann le haon dath amháin. Más ina ngrúpaí beaga atá siad ag obair, ba chóir do na páistí a gcuid liostaí a chur i gcomparáid le chéile, ionas nach ndéanfar taifead níos mó ná uair amháin ar thorthaí/glasraí ó thír áirithe.
2. Cé mhéad tír éagsúil a bhí i gceist i gcás gach datha (m.sh. Oráiste: 9, Buí: 16)? Is féidir é sin a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga, agus gach grúpa ag tuairisciú ar a chuid torthaí maidir le gach dath, agus na sonraí sin á dtaifeadadh ar aon chairt ranga amháin.

## Drámaíocht - Amharclannaíocht Íomhánna

Iarr ar na páistí dul ag obair ina ngrúpaí le fadhb a roghnú ón bhfíseán (m.sh. truailliú ón iompar, tomhaltachas iomarcach, scrios an chomhshaoil, scrios tithe) lena léiriú trí mhím ghearr (20-30 soicind) a chríochnóidh i bhfráma reoite. Iarr ar an gcuid eile den rang a thomhas cén fhadhb atá á léiriú acu. Ansin, iarr ar an rang dul ag obair le chéile chun léiriú nua a dhéanamh ar gach fadhb, agus réiteach na faidhbe a léiriú freisin an babhta seo.




## Na hAmharcealaíona - Péinteáil

D'fhéadfadh na páistí é seo a dhéanamh ina n-aonar, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí, nó d'fhéadfadh an rang go léir múrphictiúr a dhéanamh. Iarr ar na páistí a bpictiúr a phleanáil ar dtús – a léiriú féin ar an téama 'domhan níos cothroime'. Sula dtosóidh siad ag péinteáil, iarr orthu smaoineamh faoi cé dóibh a mbeadh an domhan sin níos cothroime? Cé na daoine a d'fhéadfadh a gcuid leasanna a bheith fágtha ar lár ag na páistí trí dhearmad agus cad iad na hathruithe a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar a gcuid pleananna?


# Rang a Trí – Sé: Naisc Churaclaim

| Rang a Trí – Sé: Naisc Churaclaim | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Rang** | **Snáithe/ Eilimint** | **Snáithaonad/ Lipéad** | **Cuspóir Foghlama/Toradh Foghlama** |
| **Drámaíocht** | Rang a Trí – Sé | Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh, d'fhonn tuiscint a chothú | Iniúchadh agus déanamh drámaíochta | • an tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san am atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhrámata láithreach a iniúchadh |
| | | | Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht | • léirsmaoineamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht dhrámata ar leith d'fhonn cúrsaí forbartha malartacha a chruthú a léireoidh níos fearr na patrúin mhaireachtála agus na saincheisteanna atá faoi scrúdú<br>• trí leas a bhaint as na léargais go léir a eascraíonn as gníomhaíocht dhrámata a chur le chéile, an acmhainn a fhorbairt tátail a bhaint agus hipitéisí a cheapadh i dtaobh an tsaoil agus i dtaobh daoine |
| | | | Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta | • an cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine agus comhoibriú leo i múnlú drámaíochta<br>• an cumas a fhorbairt, i ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú leo i múnlú na drámaíochta |
| **Tíreolaíocht** | Rang a Trí/ Ceathair | Imshaoil dhaonna | Daoine agus críocha eile | • feasacht faoi chomhspleáchas na ndaoine seo agus daoine in Éirinn a shaothrú<br>• tosú ar bhraistint a shaothrú ar a b(h)allraíocht den phobal áitiúil, de phobal an chontae, agus de na pobail náisiúnta, Eorpacha agus domhanda |
| | Rang a Cúig/ Sé | Imshaoil dhaonna | Daoine agus críocha eile | • feasacht mhéadaitheach faoi chomhspleáchas daoine sna háiteanna seo agus daoine in Éirinn a shaothrú<br>• foghlaim conas urraim agus meas a bheith aige/ aici i dtaca le hilghnéitheacht na ndaoine sna ceantair seo agus in áiteanna eile sa domhan<br>• éirí feasach ar ghrúpaí éagsúla daoine in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan mór a bhfuil a gcúlraí difriúil ó thaobh cine, reiligiúin nó teanga<br>• tuiscint a chothú ar a b(h)allraíocht sa phobal áitiúil, i bpobal an chontae agus sna pobail náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta. |
| | | | Saincheisteanna trádála agus forbartha | • saincheisteanna trádála a iniúchadh trí staidéar a dhéanamh ar roinnt príomhearraí tráchtála an domhain<br>• léirthuiscint cheart a ghnóthú ar an míchothromaíocht idir an domhan forbartha agus an domhan forásach |

| Rang a Trí – Sé: Naisc Churaclaim | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhar** | **Rang** | **Snáithe/Eilimint** | **Snáithaonad/ Lipéad** | **Cuspóir Foghlama/Toradh Foghlama** |
| **Tíreolaíocht agus Eolaíocht** | Rang a Trí/ Ceathair | Feasacht agus cúram imshaoil | Feasacht Imshaoil | • a aithint conas is féidir le gníomhartha daoine dul i bhfeidhm ar imshaoil<br>• gníomhaíochtaí daonna a dtig leo tionchair dhearfacha nó dhochracha a bheith acu ar an imshaol áitiúil agus ar imshaoil níos fairsinge a aithint agus a imscrúdú<br>• léirthuiscint a ghnóthú ar an ngá atá le hacmhainní an Domhain a chaomhnú |
| | | | Ag tabhairt aire don imshaol | • saincheist faoi imshaol áitiúil, náisiúnta nó domhanda a aithint agus a phlé<br>• a thuiscint go cruinn go bhfuil freagracht ar an duine aonair agus ar an bpobal araon as aire a thabhairt d'imshaoil agus as iad a chaomhnú |
| | Rang a Cúig/Sé | Feasacht agus cúram imshaoil | Feasacht imshaoil | • gnéithe de ghníomhaíochtaí daonna a bhféadfadh tionchar dearfach nó dochrach a bheith acu ar imshaoil a aithint agus a imscrúdú<br>• éirí feasach ar thábhacht acmhainní inathnuaite agus neamh-inathnuaite an Domhain<br>• léirthuiscint ar na bealaí ina n-úsáideann daoine acmhainní an Domhain a chothú<br>• léirthuiscint a ghnóthú ar an ngá atá le hacmhainní an Domhain a chaomhnú. |
| | | | Ag tabhairt aire don imshaol | • saincheist faoi imshaol áitiúil, náisiúnta nó domhanda a aithint agus a phlé<br>• léirthuiscint a ghnóthú ar an bhfreagracht atá ar an duine, ar an bpobal agus ar an tír as cúram imshaoil |
| **Teanga** | Rang a Trí – Sé | Cumarsáid – Teanga ó Bhéal | Inspreagadh agus rogha | • Téacsanna a roghnú, éisteacht leo, freagairt go criticiúil dóibh, agus téacsanna a chruthú i réimse seánraí trasna an churaclaim i gcomhair pléisiúir, spéise agus cuspóirí áirithe, agus i dteangacha éagsúla, nuair is cuí. |
| | | Tuiscint – Teanga ó Bhéal | Léiriú tuisceana | • Freagairt go cruthaitheach agus go criticiúil den mhéid atá cloiste agus atá taithí acu air |
| | | Fiosrú agus úsáid – Teanga ó Bhéal | Eolas, míniú agus údar a thabhairt | • Eolas a anailísiú agus a roghnú le smaointe agus tuairimí a chur in iúl ar réimse cúiseanna, ar nós eolas a thabhairt, díospóireachta, míniú, cosanta agus áitiú ar dhaoine. |
| | | Fiosrú agus Úsáid – Scríbhneoireacht | Cuspóir, seánra agus guth | • Téacs a chruthú ar chúiseanna údarachta ar leith, ag léiriú tuiscint níos doimhne ar thionchar an lucht éisteachta/léite ar a gcuid scríbhneoireachta. |

**Rang a Trí – Sé: Naisc Churaclaim**

| Ábhar | Rang | Snáithe/ Eilimint | Snáithaonad/Lipéad | Cuspóir Foghlama/Toradh Foghlama |
|---|---|---|---|---|
| **Matamaitic** | Rang a Trí – Sé | Sonraí | Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú | • sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagraim, blocghraif agus barrachairteacha a úsáid chuige<br>• táblaí, picteagraim, blocghraif agus barrachairteacha a léamh agus a léirmhíniú |
| | Rang a Ceathair | Sonraí | Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú | • sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagraim, blocghraif, barrachairteacha agus barraghraif líneacha a chuimseodh scálaí 1:2, 1:5, 1:10 agus 1:100 a úsáid<br>• barraghraif líneacha agus píchairteacha simplí a léamh agus a mhíniú |
| | Rang a Cúig | Sonraí | Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú | • sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus picteagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha simplí a úsáid chuige<br>• picteagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú |
| | Rang a Sé | Sonraí | Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú | • sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú agus píchairteacha agus treoghraif a úsáid chuige<br>• treoghraif agus píchairteacha a léamh agus a léirmhíniú |
| **OSPS** | Rang a Trí/ Ceathair | Mise | Ag fás agus ag athrú – Braistintí agus mothúcháin | • an difríocht idir riachtanais agus mianta a aithint agus a thuiscint de réir a chéile gur féidir nó gur cóir luachanna saothair agus eispéiris áirithe a chur ar athló go fóill |
| | | Mise agus an domhan mór | Ag forbairt saoránachta – pobal mo scoile | • cearta agus freagrachtaí daoine fásta agus páistí araon i bpobal na scoile a iniúchadh agus a aithint |
| | Rang a Cúig/ Sé | Mise | Ag fás agus ag athrú – Braistintí agus mothúcháin | • riachtanais agus mianta a idirdhealú ó chéile agus coincheap an tsásaimh ar cairde a aithint agus a iniúchadh |
| | | Mise agus an domhan mór | Ag forbairt saoránachta – pobail náisiúnta agus Eorpacha agus pobail níos leithne | • an dáileadh éagothrom atá ar acmhainní an domhain a aithint agus dul i gceann tuisceana air |
| **Na hAmharcealaíona** | Rang a Trí – Sé | Péint agus dath | Breathnú agus freagairt | • a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé |
| | | | Péinteáil | • a s(h)aol samhlaíoch a chur in iúl agus téamaí samhlaíocha a léirmhíniú trí dhath a úsáid go lánléiritheach |



# Join the dots: Leideanna chun díospóireacht a spreagadh

Trí bhreathnú ar 'Join the dots', d'fhoghlaim mé

Tar éis dom breathnú ar 'Join the dots', ba mhaith liom a fhios a bheith agam

Ba mhaith liom níos mó a bheith ar eolas agam faoi

Ag deireadh an fhíseáin mhothaigh mé

mar

# Aontaím

# Ní Aontaím

# Aontaím go mór

# Easaontaím go mór

# Join the dots: Taighde a dhéanamh ar Théamaí Domhanda

## Roghnaigh ceann amháin de na ráitis seo a leanas

Is féidir na fíricí seo agus tuilleadh a aimsiú ar shuíomh gréasáin The World's Largest Lesson. Agus úsáid á baint agaibh as leabhair ó leabharlann na scoile agus/nó as an idirlíon, déanaigí taighde faoin topaic agus cuirigí le chéile an méid atá foghlamtha agaibh.

| Ráitis | Moltaí maidir le hábhar taighde | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
|---|---|---|
| As na 7.1 milliún dídeanach atá in aois scoile, ní théann 3.7 milliún acu ar scoil. | Oideachas Dídeanaithe | Sprioc 4: Oideachas ar Ardchaighdeán |
| In 20 tír ar a laghad, is ar éigean a chríochnaíonn cailín ar bith ó cheantair bhochta agus ceantair thuaithe a gcúrsa meánscoile. | Oideachas<br>Neamh-Chomhionannas Inscne | Sprioc 4: Oideachas ar Ardchaighdeán<br>Sprioc 5: Comhionannas Inscne |
| Meastar go mbeidh ocras ar níos mó ná 600 milliún duine ar fud an domhain in 2030. | An tOcras<br>An Bhochtaineacht | Sprioc 1: Deireadh a chur leis an mBochtaineacht<br>Sprioc 2: Deireadh a chur leis an Ocras |
| Gach uile bhliain idir 2015 agus 2019, chaill an domhan ar a laghad 100 milliún heicteár de thalamh shláintiúil, tháirgiúil. | Truailliú agus Scriosadh Talún | Sprioc 15: An Saol ar an Talamh |
| Rinneadh ró-iascaireacht ar níos mó ná trian de na Stoic Dhomhanda Iasc in 2019. | Ró-iascaireacht | Sprioc 14: An Saol faoi Uisce |
| Is mná iad níos lú ná 30% de thaighdeoirí STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata) an domhain. | Neamh-Chomhionannas Inscne | Sprioc 5: Comhionannas Inscne |
| Chuaigh 17+ milliún tonna méadrach de phlaisteach isteach sna haigéin in 2021. | Truailliú na nAigéan<br>Truailliú Plaistigh | Sprioc 14: An Saol faoi Uisce |

## Céimeanna taighde




1. **Roghnaíodh** an grúpa **ceann amháin de na ráitis**. Tarraingígí líne faoin ráiteas a roghnaigh sibh.
2. **Fiosraígí an topaic atá i gceist sa ráiteas** trí eolas a chuardach i leabhair agus ar líne, le treoir ón múinteoir.
3. **Breacaigí síos a bhfuil foghlamtha agaibh**.
4. **Socraígí conas a chuirfidh sibh an méid atá foghlamtha agaibh i láthair an ranga.** D'fhéadfadh sibh póstaer a dhéanamh, cur i láthair a ullmhú, nó tuairisc nuachta a scríobh le léamh amach nó le taifeadadh mar fhíseán.

# Join the dots: Féachaint cé as a dtagann torthaí agus glasraí

## Cén dath torthaí agus glasra atá á lorg agat?

| |
|---|
| |

## Bailiú Sonraí

Breac síos thíos ainm gach toraidh/glasra agus an áit as ar tháinig sé

| Ainm an toraidh/ghlasra | Ainm na tíre as ar tháinig sé |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Anailís Sonraí

comhair cé mhéad torthaí/glasraí a tháinig ó gach tír

| Ainm na tíre | Líon na dtorthaí/glasraí |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |



## Anailís Sonraí

cé mhéad tír éagsúil a bhí ainmnithe ar lipéid na dtorthaí agus na nglasraí?

| |
|---|
| |